

## Bealach Glas Rothaíochta

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi bhealach glas rothaíochta atá á thógáil idir Béal Átha na Sluaighe agus cathair na Gaillimhe. An dtuigeann tú na focail/frásaí seo a bheidh sa mhír?

feachtas	éileamh	Cumann na bhFeirmeoirí
ag cothú aighnis		olc a chur ar dhuine
an togra	amscaí agus achrannach	go rathúil

### Ceist 2

Beifear ag plé bealach glas rothaíochta sa mhír agus an t-aighneas atá ann idir Cumann na bhFeirmeoirí agus an tÚdarás Náisiúnta Bóithre. Sula n-éistean tú leis an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad is bealach glas ann, an bhfuil a fhios agat?
2. An dtéann tú féin ag rothaíocht? An ndéanann tú aon saghas aclaíochta?
3. Is maith le daoine áirithe dul ar shaoire rothaíochta. An mbeadh aon spéis agatsa ina leithéid de shaoire? Cén fáth?
4. Cad a cheapann tú is cúis leis an aighneas idir Cumann na bhFeirmeoirí agus Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe?

### Ceist 3

Anois féach ar an mír agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cár mhaith le Cumann na bhFeirmeoirí go lonnófaí an Bealach Glas?
2. Cén fáth a bhfuil an Cumann i gcoinne an phlean atá ann faoi láthair?
3. Cén fáth a gceapann Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe go bhfuil moladh Chumann na bhFeirmeoirí míréadúil?

### Ceist 4

Luaitear Béal Átha na Sluaighe sa mhír. An féidir leatsa agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na bailte seo thíos?

- Kilkenny
- Thurles
- Waterford
- Letterkenny
- Drogheda
- Carrick-on-Shannon
- Mullingar

### Ceist 5

Is féidir focail áirithe a cheangal le chéile sa Ghaeilge chun comhfhocal a dhéanamh. Ach, de ghnáth, bíonn 'gliú' ag teastáil chun iad a cheangal le chéile – an 'gliú' sin ná an séimhiú. Féach na samplaí seo ón mír:

seanbhóthar  
cúl**h**óthar

- a. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí comhfhocail as na focail seo a leanas agus abraigí cad is brí leis na comhfhocail:

comh + saol: \_\_\_\_\_  
príomh + cúram: \_\_\_\_\_  
gearr + cúrsa: \_\_\_\_\_  
nua + teicneolaíocht: \_\_\_\_\_  
comhar + cumann: \_\_\_\_\_

- b. I gcásanna áirithe ní féidir an séimhiú a úsáid mar 'ghliú' faoi mar a fheictear sna samplaí thíos. An bhfuil aon tuairim agat cén fáth nach féidir an séimhiú a úsáid sna cásanna seo?

cúlsráid  
leasdeartháir  
seanduine

### **Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. An féidir dul amach ag rothaíocht (nó ag siúl nó ag rith) go héasca i do cheantar féin? An bhfuil fadhb thráchtá ann?
2. Dá mbeifeá le turas a thabhairt ar aon áit in Éirinn nach raibh tú ann cheana, cén áit a roghnófa? Cén fáth?
3. Cad é an contae is fearr in Éirinn le dul ar saoire ann? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1. feachtas: campaign
2. éileamh: demand
3. Cumann na bhFeirmeoirí: Irish Farmers' Association (IFA)
4. ag cothú aighnis: causing a dispute
5. olc a chur ar dhuine: to anger someone
6. an togra: the proposal
7. amascaí agus achrannach: awkward and difficult
8. go rathúil: successfully

### Ceist 2

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun na ceisteanna seo a phlé.

### Ceist 3

1. Taobh le seanbhóthar an N6.
2. Tá an tÚdarás Náisiúnta Bóithre ag iarraidh ordú ceannaigh éigeantaigh<sup>1</sup> a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha áirithe rud a chiallóidh go scoilte feirmeacha.
3. Deir an Feachtas Rothaíochta nach bhfuil sé réadúil bealach glas a thógáil taobh leis an N6 mar go mbíonn trácht trom air.

### Ceist 4

- |                        |                    |
|------------------------|--------------------|
| 1. Kilkenny:           | Cill Chainnigh     |
| 2. Thurles:            | Durlas             |
| 3. Waterford:          | Port Láirge        |
| 4. Letterkenny:        | Leitir Ceanainn    |
| 5. Drogheda:           | Droichead Átha     |
| 6. Carrick-on-Shannon: | Cora Droma Rúisc   |
| 7. Mullingar:          | An Muileann gCearr |

### Ceist 5

- |                       |                                     |
|-----------------------|-------------------------------------|
| a. comh + saol:       | comhshaol (environment)             |
| príomh + cúram:       | príomhchúram (primary role)         |
| gearr + cúrsa:        | gearrchúrsa (short course)          |
| nua + teicneolaíocht: | nuatheicneolaíocht (new technology) |
| comhar + cumann:      | comharchumann (co-operative)        |
- b. Ní féidir séimhiú a chur sna samplaí seo mar go bhfuil péire de na litreacha 'd, n, t, l, s' ag teacht le chéile ag an nascphointe. An riail ghramadaí atá i gceist ná nach féidir séimhiú a chur ar an dara focal sa chomhfhocal sa chás go bhfuil dhá litir ón ngrúpa sin díreach in aice le chéile.

### Ceist 6

Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

---

<sup>1</sup> ordú ceannachta éigeantach a deirtear sa mhír, ach is é ordú ceannaigh éigeantaigh an leagan oifigiúil a mholtar ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie)

### **Eimear Ní Chonaola**

Tá Feachtas Rothaíochta na Gaillimhe ag iarraidh ar an Aire Iompair, Paschal Donohoe, gan géilleadh d'éileamh ó Chumann na bhFeirmeoirí<sup>2</sup> an bealach glas rothaíochta as Béal Átha na Sluaighe go Gaillimh a chur le taobh sheanbhóthar an N6. Deir an lucht feachtais gur cheart cúlbhóithre a aimsiú agus iad sin a cheangal le chéile le slí rothaíochta fhiúntach<sup>3</sup> a chruthú.

### **Séamus Ó Scanláin**

Is mór i gceist na bealaí glasa nó na slí rothaíochta anois in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Tá sé i gceist bealach glas a thógáil idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh mar chuid den bhealach idirnáisiúnta an EuroVelo 2. Tá gach rud ceart chomh fada le hÁth Luain ach is léir gurb é an píosa idir Béal Átha na Sluaighe agus cathair na Gaillimhe atá ag cothú aighnis. Is é an tÚdarás Náisiúnta Bóithre<sup>4</sup> nó an NRA, go príomha, atá i mbun an togra agus faoina stiúir tá sé i gceist ordú ceannaigh éigeantaigh<sup>5</sup> a chur i bhfeidhm ar fheirmeacha áirithe feadh an bhealaigh. Ní theastaíonn ó Chumann na bhFeirmeoirí nó an IFA, ní nach ionadh, go scoiltefeadh togra mar seo feirmeacha agus tá sé ag moladh an bealach glas a thógáil ar stráice an N6, an seanbhealach as Béal Átha na Sluaighe go Gaillimh. Deir an Feachtas Rothaíochta nach bhfuil sé ag iarraidh oic ná geanc a chur ar aon pháirtí i dtaca leis an togra seo i láthair na huaire. Deir sé go dtuigeann sé cás na bhfeirmeoirí agus nár chóir ordú ceannaigh éigeantaigh a chur i bhfeidhm ar aon bhealach an oiread agus ab fhéidir. Is cosán rothaíochta atá á thógáil, a deir an Feachtas Rothaíochta, agus ní mótarbhealach, agus tá an bealach a bhfuil an NRA ag tabhairt faoi seo i láthair na huaire iomlán amscáí agus achrannach. Ach deir an Feachtas Rothaíochta freisin nach bhfuil moladh Chumann na bhFeirmeoirí réadúil, go bhfuil i bhfad an iomarca tráchta ar an mbóthar seo do bhealach glas. Molann an Feachtas cúlbhóithre agus cúlbealaí a aimsiú feadh an achair agus iad sin a cheangal le chéile mar atá déanta go rathúil in áiteanna eile.

### **Mairéad Ní Chaoimh (Cumann Rothaíochta na Gaillimhe)**

Féach ar an *greenway* thuas i gCathair na Mart, i gContae Mhaigh Eo. Is sampla maith é de *greenway* déanta an-mhaith<sup>6</sup> agus cén fáth nach bhfuil an *greenway*...nach bhfuil an seans againne i gContae na Gaillimhe *greenway* mar sin a bheith againn.

### **Séamus Ó Scanláin**

Tá an Feachtas ag iarraidh ar an Aire Turasóireachta gan an N6 a úsáid don togra agus deir nár bhfiú an t-airgead a chaitheamh ag dul sa bhealach eile a bheadh fiúntach?

---

<sup>2</sup> Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann an teideal oifigiúil

<sup>3</sup> slí rothaíochta fiúntach a deirtear sa mhír

<sup>4</sup> An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta an teideal oifigiúil

<sup>5</sup> ordú ceannachta éigeantach a deirtear sa mhír, ach is é ordú ceannaigh éigeantaigh an leagan oifigiúil a mholtar ar [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie)

<sup>6</sup> ana-mhaith a deirtear i gCanúint na Mumhan; an-mhaith an leagan caighdeánach